Coimisiún na Meán

# An Creat Sábhailteachta Ar Líne

## An tAcht um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialúchán na Meán

**Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC)**

Cód Éireannach a bhaineann le soláthraithe ardán comhroinnte físeán (VSPanna) atá lonnaithe in Éirinn.

Ní mór do VSPanna a luadh go soiléir ina dTéarmaí agus Coinníollacha nach gceadaítear ábhar mídhleathach nó díobhálach.

Ní mór do VSPanna cead a thabhairt d'usáideoirí ábhar a thuairisiciú agus a rá leo cad a rinne siad leis an dtuairisc seo (m.sh. an t-ábhar a bhaint).

Ní mór do VSPanna (de réir mar is cuí):

- beart agus uirlisí um literathacht sna meáin éifeachtachta a bheith acu
- aird a tharraingt ar na beart agus na huirlisí seo d'usáideoirí.



## An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA)

Rialachán AE a bhfuil sé d'aidhm aige timpeallacht shábháilte, chothrom agus iontaofa a chruthú ar líne.

De réir an dlí, ní mór d'ardáin:

- córais tuairiscithe atá éasca le haimsiú agus éasca le húsáid a bheith acu (agus an cinneadh a thabhairt ar an ábhar a bhí tuairiscithe)
- a leagadh amach ina gcuid Téarmaí agus Coinníollacha conas a oibríonn a gcuid algartaim
- lipéad soiléir a chur ar fhógraíocht.

Ní mór seiceálacha neamhspleácha a dhéanamh ar ardáin níos mó chun baol a laghdú (m.sh. céimeanna a thógáil chun cinntiú go bhfuil an t-árdán sábháilte).

## Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR)

Rialachán AE a bhfuil sé d'aidhm aige stop a chur le comhroinnt ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, agus a thugann cead d'ábhar den chineál sin a bhaint go tapa ó ardáin.

Is éard é ábhar sceimhlitheoireachta ná gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a chur chun cinn, a mholadh agus a spreagadh, chomh maith le daoine eile a spreagadhchun páirt a bheith acu i ngníomhartha den sórt sin.


Mar an t-údarás inniúil in Éirinn faoin rialachán seo, is é an Garda Síochána an t-aon eagraíocht ar féidir iallach a chur ar ardán chun ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint. Bíonn uair an chloig ag an ardán an t-ábhar a bhaint nuair a eisíonn na Gardaí rabhadh.


# Do Chearta faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne

## An ceart chun cosaint a fháil ar dhíobháil

Ní mór **eolas soiléir** a bheith ag ardáin ina dTéarmaí agus Coinníollacha faoin gcaoi a n-oibríonn a gcórais moltaí (m.sh. fothaí ‘duitse’).

Ba cheart d’usáideoirí a rogha ‘fothaí’ a athrú go héasca nó an fothaí is fearr a roghnú dóibh féin agus ba cheart d’ardáin **níos mó smachta a thabhairt d’usáideoirí ar chéard a fheiceann siad ar líne.**




## An ceart chun tuairisciú a dhéanamh

Tá sé tábhachtach ábhar díobhálach nó mídhleathach a thuairisciú don ardáin ar a bhfaca tú é ar dtús.

Ba cheart go mbeadh an córas tuairiscithe éasca le húsáid agus éasca le haimsiú.

## An ceart chun tú féin a chur in iúl

Má bhaineann ardán do chuid ábhair anuas, tá sé **de cheart agat tuiscint a bheith agat ar an gcúis** leis sin agus **achomarc a lorg ar an gcinneadh sin**.




Coimisiún na Meán

www.cnam.ie